

CEAIGHT A CEATHAIR: Rang 3-6

Nótaí don Mhúinteoir

SLEAMHNÁN 1

A Mhúinteoir, a chara,

Fearaimid fáilte romhat chuig an gceathrú ceacht (an ceacht deiridh) do rang 3-4 agus do rang 5-6 atá ar fáil mar chuid de Dhuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022.*

Is é Cúnamh Éireann clár cúnamh oifigiúil Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear. I gclár an Rialtais do chúnamh forbartha thar lear, díritear ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear béim ar leith ar an gcomhionannas inscne, ar an ngá le cabhair dhaonnúil a laghdú, ar thacú le gníomhaíochtaí ar son na haeráide, agus ar an rialachas a neartú ar fud an domhain go léir.

Cuireadh Duaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, ar bun in 2005 chun daltaí bunscoile a spreagadh le foghlaim faoin gcaoi a mbíonn Éire, trí chlár Chúnamh Éireann, ag obair ar na fadhbanna sin in éineacht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail na Náisiún Aontaithe agus an tAontas Eorpach), rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus pobail éagsúla.

Tá áthas an domhain orainn go bhfuil sé beartaithe agat páirt a ghlacadh sna Duaisianna i mbliana. B'fhéidir gur úsáid tú cuid d'iris Dhuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, nó cuid de cheachtanna 1-3 nó iad go léir. Tá súil againn go mbainfidh an rang taitneamh as na gníomhaíochtaí agus na scéalta san iris agus sna ceachtanna, agus go spreagfar iad chun a saothar féin a chumadh agus a chur isteach lena fhoilsiú in **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**.

SPRIOC DHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA: Dé Luain, 7 Feabhra 2022

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 7 Feabhra 2022 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOC DHÁTA DEIRIDH: Dé hAoine, 8 Aibreán 2022

Tá sonraí breise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie mar aon le faisnéis ar conas is féidir saothar le daltaí a chur isteach don iris **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**

Tá gach ceacht deartha le haghaidh thart ar 45 nóiméad d'am teagmhála leis an rang. Tá nasc acu leis an gcuraclam (féach Sleamhnán 2) agus tá siad réidh le húsáid sa seomra ranga. Níl mórán ullmhúcháin le déanamh agat féin ar chor ar bith (seachas *** ar Shleamhnán 3, b'fhéidir).

Níl le déanamh agat ach na nótaí don mhúinteoir a léamh (tá na nótaí le fáil ag bun gach sleamhnáin sa ghnáth-amharc) agus dul i dtaithe ar na beochaintí (leis an mód 'cur i láthair') roimh an rang. Ag brath ar an leagan de PowerPoint atá in úsáid agat, b'fhéidir go mbeifeá in ann féachaint ar na nótaí agus an cur i láthair ar siúl. Ná bí buartha mura bhfuil – is féidir pdf de na nótaí sleamhnáin a oscailt agus a phriontáil mar chabhair duit sa rang ar an láithreán gréasáin.

Aithnímid go bhfuil aithne mhaith agat, mar mhúinteoir, ar do chuid daltaí.

Mar gheall air sin, is féidir an t-ábhar go léir ar na sleamhnáin a athrú le gur féidir leat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang

agat. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach freisin na Treoirínte maidir le Dea-chleachtas a léamh. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc agus tá sé ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Bíonn ionadh an domhain orainn gach aon bhliain nuair a fheicimid cé chomh cruthaitheach agus nuálaíoch a bhíonn na daltaí agus na múinteoirí ar fud na tíre a ghlacann páirt sna Duaiseanna. Táimid ag súil go mór le bhur gcuid iarrachtaí a fheiceáil i mbliana ar an téama 'Folláine do dhaoine agus don phláinéad'.

Ná déan dearmad bhur n-aistear Dhruiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid / @ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**.

Le gach dea-ghuí duit féin agus do na daltaí.

Foireann Dhruiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

SLEAMHNÁN 2

Naisc Churaclaim (nasc ar bith)

SLEAMHNÁN 3

Ábhar an cheachta (folamh)

SLEAMHNÁN 4: Spriocanna foghlama (2 bheochan i ndiaidh a chéile ag * Clíceáil)

Nóta maidir le hÍogaireacht: Mar mhúinteoir, tá aithne mhaith agat ar do chuid daltaí. Tá lánchead agat athruithe a dhéanamh ar na spriocanna foghlama agus ar na gníomhaíochtaí sa cheacht seo lena gcur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang agat.

Féach na Treoirínte maidir le Dea-chleachtas. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc, agus tá sé ar fáil sa roinn pleananna ceachta ar an láithreán gréasáin: www.ourworldirishaidawards.ie

Baineann an ceacht deiridh seo de chuid Dhruiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne leis an méid a d'fhoghlaimíomar ar an téama 'Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad', ar na Spriocanna Domhanda agus ar obair Chúnamh Éireann a úsáid chun teacht suas le smaointe le haghaidh ár saothar le cur isteach ar na Duaiseanna le go mbeidh deis ann go bhfoilseofar saothar linn in **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**.

Iarr ar dhaltaí an dá sprioc foghlama le haghaidh Cheacht a Ceathair a léamh amach.

* **Clíceáil** chun an dá sprioc foghlama don cheacht seo a bheochan, ceann i ndiaidh a chéile

SLEAMHNÁN 5: Gníomhaíocht 1 / Sleamhnán 1 de 2 (Dúshlán dhá nóiméad) (gan bheochan)

Clliceáil ar an íomhá ar an sleamhnán chun an físeán ‘Is féidir dul chun cinn a dhéanamh – liosta an domhain de rudaí atá le déanamh’ a sheinm (2.05 nóiméad).

Ag brath ar an rang, d’fhéadfá an físeán a chasadh faoi dhó.

Ná déan dearmad: Cúnamh Éireann a thugtar ar chlár na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear agus bíonn Cúnamh Éireann ag obair ar mhaithe le folláine daoine agus an phláinéid trí dul chun cinn a dhéanamh ar na Spriocanna Domhanda, in éineacht le rialtais, le grúpaí éagsúla (eagraíochtaí neamhrialtasacha nó carthanais), agus le pobail, i dtíortha ar fud an domhain.

SLEAMHNÁN 6: Gníomhaíocht 1 / Sleamhnán 2 de 2 (Dúshlán dhá nóiméad) (gan bheochan)

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar a rannpháirtíocht in iris Dhuaiséanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne do dhaltáí agus/nó sna pleananna ceachta (ar fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie).

Ag brath ar an rang, d’fhéadfá na nithe seo a mheabhrú do dhaltáí:

- *Bhí Ceacht 1 dírithe ar théama Dhuaiséanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, ‘Folláine do Dhaoine agus don Phláinéid’ agus ar na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe*
- *Bhain Ceacht 2 leis an obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann i dtíortha éagsúla ar mhaithe le folláine gach duine agus an phláinéid.*
- *I gCeacht 3, d’fhoghlaimíomar faoi thionchar COVID-19 ar an oideachas ardchaighdeán i Siarra Leon agus freagairt Chúnamh Éireann air sin.*

NB: Is féidir leat an sleamhnán a chur in eagar agus ceann amháin nó níos mó de na dúshláin a bhaint amach mura ndearna an rang na 3 cheacht go léir. Is féidir an treoir a chur in oiriúint má bhíonn níos mó ná dhá nóiméad ag teastáil ó na daltaí.

Léigh na dúshláin ar an sleamhnán amach os ard don rang.

Tabhair nóiméad amháin do na daltaí leis an dúshlán ar mhaith leo a dhéanamh a roghnú.

Roinn an rang ina mbeirteanna.

Beidh dhá nóiméad ag gach duine a dhúshlán féin a dhéanamh. Má éiríonn leat do dhúshlán a chríochnú sula mbíonn an t-am istigh, is féidir leat tabhairt faoin dara dúshlán.

Iarr ar gach beirt daltaí an chéad duine a shocrú.

Ba cheart tosú ar an bpointe nuair a chuirtear an clog ar siúl.

Cuir clog ar siúl agus déan an rud céanna don dara duine i ngach grúpa.

Déan plé ar an ngníomhaíocht, agus úsáid na ceisteanna seo a leanas chun na daltaí a spreagadh:

- *Cén chaoi ar éirigh leat?*
- *Céard é an dúshlán ab éasca? Cén fáth?*

- Céard é an dúshlán ba dheacra? Cén fáth?
-

SLEAMHNÁN 7: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 1 de 6 (Smaointe a ghiniúint)

Mar is eol daoibh, beimid páirteach i nDuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne. Mar sin, beidh ábhar don iris á chruthú againn a bhaineann leis na téamaí seo:

- An obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann in aon tír amháin nó níos mó timpeall na cruinne.
- Ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe.
- Folláine do dhaoine agus don phláinéad (téama Dhuaiséanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022).
- Meascán díobh sin (mar shampla, d'fhéadfaimis díriú ar obair Chúnamh Éireann i Siarra Leon le Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal agus le Women in Crisis Movement, agus na naisc leis na Spriocanna Domhanda ábhartha a dhéanamh an-soiléir).

Má chuirimid saothar isteach, seans go bhfoilseofar saothar linn in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, na hirisí ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**. B'fhéidir go bhfaighimis cuireadh freisin chuig an Ócáid Náisiúnta i mí an Mheithimh agus b'fhéidir go mbronnfaí duais orainn.

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá cóipeanna de theimpléad an mheabhairmhapa ar Shleamhnán 8 a scaipeadh, nó d'fhéadfá iarraidh ar dhaltaí a meabhairmhapa féin a tharraingt ar pháipéir. Is féidir leat iarraidh ar na daltaí an meabhairmhapa a dhéanamh ina n-aonar, ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

Déanaimis meabhairmhapa chun cabhrú linn teacht suas le freagraí ar dhá cheist thábhachtacha:

- Céard leis a mbainfidh ár gcuid saothar don iris **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**? Is é sin, céard air a ndíreoidid?

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat na 4 rogha a bhfuil achoimre orthu thuas a chur i láthair arís.

(2) Cén chuma a bheidh ar ár gcuid saothar? Is é sin, cén fhormáid a bheidh ar ár gcuid saothar?

B'fhéidir go gcabhródh sé smaoineamh ar an bhfaisnéis agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn in irisí a chruthaítear do leanaí ar chomhaois libh. Ná déan dearmad, áfach, gur irisí ar líne iad irisí **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**. Mar sin, is irisí idirghníomhacha iad agus is féidir físeán nó fuaimeanna a chur iontu, rud a fhágann go bhfuil rogha leathan againn ó thaobh formáide de.

Tabhair cúpla nóiméad do na daltaí a gcuid smaointe a ghiniúint.

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá gur mhaith leat roinnt aiseolais a bhailiú ag an bpointe seo.

SLEAMHNÁN 8: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 2 de 6 (Ábhar a ghiniúint: Bileog oibre do dhaltai) (gan bheochan)

SLEAMHNÁN 9: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 3 de 6 (Smaointe a ghiniúint) (1 bheochan amháin ag * Clíceáil)

Tá an iris do dhaltai de chuid Dhuaisanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, le fáil anseo: <https://www.ourworldirishaidawards.ie/pupils-magazine/>

Féachaimis ar an iris do dhaltai de chuid Dhuaisanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, chun breise smaointe a fháil maidir le hábhar agus formáid. Foilsítear an iris seo do dhaltai bunscoile gach bliain chun tacú leis an bhfoghlaim faoi na Spriocanna Domhanda agus faoin obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann.

Agus muid ag féachaint ar an iris, breac síos aon smaoineamh a ritheann leat sa mheabhairmhapa. Is féidir cruthanna agus línte nó saigheada idir rudaí a chur sa mheabhairmhapa mura mbíonn go leor spáis ann.

SLEAMHNÁN 10: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 4 de 6 (Smaointe a ghiniúint) (gan bheochan)

*B'fhéidir go gcabhródh sé linn cinneadh a dhéanamh ar an ábhar ar a ndíreimid agus ar fhormáid ár saothair dá bhféachfaimis ar shamplaí den obair a chuir daltaí bunscoile isteach d'iris ar líne **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda** in 2021.*

Seinn an físeán de shamplaí de shaothair a cuireadh isteach le haghaidh na nDuaisanna in 2021 (**5.46 nóiméad**) ach clíceáil ar an íomhá ar an sleamhnán.

SLEAMHNÁN 11: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 5 de 6 (Smaointe a ghiniúint) (gan bheochan)

Céard a rith libh maidir le hábhar an tsaothair (céard air a ndíreoidh sibh sa saothar)?

Cuir freagraí na ndaltaí sa cholún ar thaobh na láimhe clé ar Shleamhnán 11. Is gá an gnáth-amharc seachas an mód 'cur i láthair' a úsáid chun téacs a chur sa tábla.

Céard a rith libh maidir le formáidí féideartha don saothar?

Cuir freagraí na ndaltaí sa cholún ar thaobh na láimhe deise ar Shleamhnán 11.

Ag brath ar an rang, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach cuid de na formáidí seo a thabhairt mar leideanna:

*Crosfhocail nó cuardach focal
Tráth na gceist
Grianghraif
Agallaimh
Péintéireacht nó líníocht
Gearrscéalta*

Dráma nó taibhléiriú de shaghas eile

Póstaeir

Amhrán nó rap

Dán

Grafaic faisnéise

Torthaí suirbhé

Fógráin

Cluichí boird

Beochaintí

Bileoga fíricí maidir le tíortha

srl

SLEAMHNÁN 12: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 6 de 6 (Smaointe a ghiniúint) (gan bheochan)

Úsáid an liosta topaicí/formáidí ar Shleamhnán 11 le cinneadh cibé acu ar mhaith leat:

- ligean do dhaltaí aonair topaic agus formáid a saothair féin le haghaidh **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda** a roghnú
- vóta a eagrú le cinneadh a dhéanamh ar na topaicí/formáidí is fearr leis an rang agus na topaicí/formáidí roghnaithe a dháileadh ar dhaltaí aonair nó ar ghrúpaí beaga
- aon topaic amháin agus aon fhormáid amháin a roghnú tú féin, agus saothar ranga a chur isteach

Más mian leat féin nó leis na daltaí iris a chruthú i ngrúpaí beaga nó mar shaothar ranga, tá teimpléad d'iris atá idir spráúil agus idirghníomhach againn agus tá sé ar fáil ar

<https://www.ourworldirishaidawards.ie/interactive-magazine-template-2>

Is féidir saothar a chur isteach idir mí Feabhra agus mí Aibreáin – mar sin tá neart ama againn tús a chur leis an obair!

Rud iontach eile faoi na Duaiseanna ná gur féidir linn cibé am atá ag teastáil a ghlacadh chun ár saothar a chumadh, agus is féidir linn roinnt saothair éagsúla a chur isteach!

Bronnfar deimhniú rannpháirtíochta ar gach duine a chuireann saothar isteach.

Foilseofar cuid de na hiontrálaithe i gceann de dhá eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**, na hirisí a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí, ar www.ourworldirishaidawards.ie.

Foilseofar na hiontrálacha is fearr ar fad in Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda i mí an Mheithimh 2022. Beidh an bhliainiris ar fáil ar líne agus mar iatán i nuachtán náisiúnta. Tabharfar cuireadh do na múinteoirí/daltaí sin freastal ar Shearmanas Náisiúnta Bronnta Duaiseanna i mí an Mheithimh 2022. Bronnfar cóip de Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda ar gach buaiteoir mar aon le plaic nó corn don scoil.

SPRIODHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA: Dé Luain, 7 Feabhra 2022

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 7 Feabhra 2022 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuanachan.

SPRIODHÁTA DEIRIDH:

Dé hAoine, 8 Aibreán 2022

Líon isteach Foirm Iontrála (is féidir an fhoirm a íoslódáil ónár láithreán gréasáin) agus seol isteach an saothar ar ríomhphost chuig ourworld@realnation.ie nó sa phost chuig:

Duaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne
Real Nation
24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7
D07 W620

Tá faisnéis bhreise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig an oifig tionscadail nó glaoch orainn má bhíonn ceist ar bith agat faoi Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, nó faoi shaothair a chur isteach:

Ríomhphost: ourworld@realnation.ie / **Fón:** 01 522 4834H

Ba bhreá linn scéala a fháil uait ar conas atá ag éirí leat leis na hábhair churaclaim agus leis na saothair a bheidh á gcur isteach do na Duaiseanna. Is féidir bhur n-aistear Dhruiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid** / **@ourworldawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Cuireann Ionad Chúnamh Éireann ceardlanna idirghníomhacha ar fáil do rang 5-6. Tugtar léargas ar obair Chúnamh Éireann sna ceardlanna sin agus ar an gcaoi a gcabhraíonn an obair sin le dul chun cinn na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Bíonn ceardlanna ar an láthair faoi réir comhairle maidir le sláinte phoiblí. Déan teagmháil linn chun áirithint a dhéanamh nó chun fiosrú a dhéanamh: IrishAidCentre@dfa.ie

Tá ceardlanna ar líne agus acmhainní breise le fáil ar <https://www.irishaid.ie/teaching-and-learning/primary/>

SLEAMHNÁN 13: Machnamh ar an bhfoghlaim (3 bheochan ag * Clliceáil – 2 cheann i ndiaidh a chéile ar an dara clliceáil)

Glacaimis cúpla nóiméad chun smaoineamh (machnamh a dhéanamh) ar an méid a d'fhoghlaimíomar sa cheacht seo.

Samhlaigh go bhfuil tú ag imirt cispheile.

Faoi mar a léirítear ar an scáileán na rudaí go léir a d'fhoghlaim tú sa cheacht seo, ba cheart duit na rudaí seo a mhímeáil:

- *An ciseán buaiteach a fháil sa chluiche – má tá tú sásta gur foghlaim tú na rudaí ar an gclár*
- *** Clliceáil** chun beochan a sheinm den liathróid ag dul isteach sa chiseán lena bhfuil i gceist agat a léiriú

- *An liathróid a dhruibleáil – má tá beagán tacaíocht bhreise uaim féin nó ó dhuine eile sa rang ag teastáil uait le bheith ábalta a rá gur fhoghlaim na rudaí ar an gclár*

* **Clliceáil** chun beochan a sheinm don 2 sprioc foghlama don cheacht seo, ceann ar cheann, agus léigh amach os ard iad nuair a thaispeántar iad.

Féach cé na daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Tá sár-obair déanta agaibh, agus is Gníomhaithe Spriocanna Domhanda den chéad scoth sibh go léir.

Ná déan dearmad féachaint ar www.ourworldirishaidawards.ie chun faisnéis a fháil ar shaothar na ndaltaí a fhoilsiú in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**, in 2022.
